An Roinn Talṁaíoċta

Staisiún Ċoileaċ Turcaí i gConamara

Tá an Roinn Talṁaíoċta taréis coiliġ óga uċtleatana a ṫabairt do luċt staisiún coileaċ turcaí i gConamara. Tá liosta annseo ṫíos de na sealḃóirí staisiún agus tá na coiliġ óga ar fáil anois le haġaiḋ cearc turcaí. Níl le h-íoc aċ scilling an ċearc.

Is rí ṫábaċtaċ i leiṫ méadú ár dtraċtáil turcaiṫe sa ḃaile agus ṫar lear go mbainfí oiread leasa agus is féidir as na deiseanna atá ar fáil ċun ár gcuid turcaiṫe a ḟeabsú.

Bríd, Bean Uí Allṁuráin,
An Druim Ṫoir, Raṫún.
Máire, Bean Uí Allṁuráin,
Dub-Ré, An Ḟairce.
Nóra, Bean an Ḃreatnaiġ,
Na Troscaí Ṫiar, Bearna.
Áine, Bean an Ḃreatnaiġ
(Seán), Snabó, Rosmuc.
Áine, Bean an Ḃreatnaiġ,
Mullaċ Glas, Rinnḃeiḋil.
Úna, Bean Uí Ċadain,
An Máin Ḟionn, Ros,
Muiġ Ard.
Máire, Bean Uí Ċaṫáin,
Fionasglan, Maġ Cuilinn.
Cáit, Bean Uí Ċeallaċáin,
Circuilinn, Máġ Cuilinn.
Máire, Bean Uí Ċonġaoile,
An Ċeartan, An Síoṫán,
An Spidéal.
Siobán, Bean Uí Cottingham,
Doire Gimle, An Cloċán.
Máiréad, Bean Uí Ċualáin
(Pádraic), An Teaċ Mór,
Leitir Milleain.
Séamas Ó Cualáin,
'Inis Fáil,' Baile na hAbann.
Máire, Bean Ṁic Donnċada,
Gleann Tuircín, An Caiseal.
Míċeál Ó Concannon,
Baile-na-hAbann,
Forbaċa, An Spidéal.
Áine, Bean Uí Ḟlaiṫbeartaiġ,
Camus Uaċtaraċ, Casla.
Máire, Bean Uí Ṁaolalaiḋ,
Léagáin, Máġ Cuilinn.
Máire, Bean Uí Ṫiġearnaiġ,
An Cláiḋe Bán, Bearna.
Bairbre, Bean Uí Lionnsaiġ,
Béal an Daingean.

15 Feabra, 1965.

Seán de Nógla, Rúnaí.

Ar Aġaiḋ

Tá dreáċt an speisiúl ar "Ar Aġaiḋ" do ṁí Feabra, faoi an droċ ċaoi a raiḃ an Dole ag oibriú i gcás na dtiṫe gloine, agus díol na dtrátaí. D'ḟonn agus gan an Dole a laġdú, ḃí sé ina nós ag cuid de na fásóirí gan aċ cuid éigin do na trátaí a ḋíol frío scéim an Rialtais, agus an ċuid eile a ḋíol go príoṁáideaċa dóiḃ féin. Cruṫú eile gur mór a ḃí an t-aṫrú a ḃí á éileaṁ in AMÁRAĊ agus atá tugṫa anois ag teastáil.

In alt an speisiúl ar an eagrán céanna, a scríoḃ Risteárd Ó Glaisne, faoi cúrsaí AMÁRAĊ ⁊ easpa an deontais, deir sé: "Is deacair freisin a ṫuiscint, cé'n fáṫ go ndiúltaíonn Coimisiún na Stát Seirbíse, agus Coimisiún Áitiúil a ḃfógraí a ḟoilsiú ar AMÁRAĊ, mar ba ḋóiġ le duine gur maiṫ an ceart go ḃfoilseofaí ansin iad, bíoḋ siad ar na páipéir eile Gaeilge nó ná bíoḋ."

Aṁrán an deas ann freisin ag Cuimín Ó Ceallaiġ, dár tiodal "Sruṫán an Ḃeanna."

Iomáin

Is beag dóċas atá ann go ḃfuil Gaillim ċun dul ar aġaiḋ i gcúrsaí iománaíoċta sinsir go ceann fada an lá, de réir mar ṫaispeáin siad i gcoinniḃ Tiobrad Árainn ag Béal Áṫa na Slua nuair a ḃuaiġ Tiobrad Árainn le 4-12 i gcoinniḃ 0-9 do Ġaillim.

Ní raiḃ ann aċ an foireann aṁáin ar feaḋ an ḃealaí. Ní aon ṁaiṫeas a ḋein a ḃeiṫ istiġ le muinntir na Muṁan do ċúrsaí iománaíoċt na Gaillime.

Agus

Tá eagarḟocal mí Feabra do "Agus" ag cur síos ar an Ṗáipéar Bán. Seo mar 'deir sé:

"An Páipéar Bán seo, níor ċuir sé na seoiníní ag sprioċaḋ — droċ ċomarṫa go deimin. Aċ ar an taoḃ eile, ġnóṫaiġ sé tacaíoċt (ná bacaigí leis na h-aguis) Comḋáil Náisiúnta na Gaeilge, agus níos iontaí fós, beannaċt Ċonraḋ na Gaeilge."

"Maidir linne, má tá aon ṗlean céimniṫe ná eile insan Ṗáipéar Bán seo, ní léir dúinn é. Ḃíomar ag súil le beartas don Ġaeltaċt, don saol oideaċais agus don Telefís. Beartas naċ ḃfuaireamar."

Soineanntas na hÓige

Cuireaḋ cailín beag i leaba luascáin don ċead uair ar aistear ḟada traenaċ sna Stáit. Ḃí eagla croí uirṫi léi féin ar dtús aċ úocraiġ an ṁáṫair í ansin, ⁊ dúirt léi go raiḃ Dia a ċoiméad i gcónaí. Mar sin féin anois agus arís deirfeaḋ sí os árd: "A Ṁamaí, ḃfuil tú ansin?" Dúirt a Ṁámaí léi: "Is ea, tá mé." "A Ḋadaí," arsa sise ansin, "ḃfuil tusa ansin?" Ḃris ar an ḟoiġid ag paisinéir eile sa deire agus scairt sé amaċ os árd:— "Táimíd uiliġ anseo! d'aṫair, do ṁáṫair, do ḋeirfiúr, do ḋearṫáir, d'uncail d'aintín as do ċolċeaṫraċa — uiliġ anseo. Anois gaḃ a ċodlaḋ a leinḃ." Indiaiḋ stad maiṫ, ṫáinig an guṫ caointeaċ arís, "A Ṁámaí". "Is ea" arsan ṁáṫair go bog íseal. "Arḃ é sin Dia a labair liom?"!

An Páipéar Bán — Cur i gCéill agus Cur ó Ḋoras

3-2-65.

A Eagartóir,

Molaim AMÁRAĊ as uċt an aṫċuimre fá'n Ṗáipéar Bán a ḃí in eagrán an 29-1-65. Aṫċuimire so-léite. So tuigṫe ar an Ṗáipéar Bán do bea é, agus b'ḟurust a ṫuigbeáil uaiḋ, coṁ beag as ḃí beartaiṫe ag an Rialtas don Ġaeltaċt ann.

Nuair a ḃí an Páipéar Bán léite agam féin, séard a ṫáinig isteaċ im ċeann faoi ná naċ raiḃ ann ó ṫús go deire, aċ **cur i gcéill agus cur ó ḋoras;** aṫ-rá fá na míreanna beaga a ṫug siad don Ġaeltaċt agus aṫ-ṁolaḋ orṫa féin dá mbárr.

Ní Páipéar Bán is cóir a ṫabairt air, aċ **Páipéar Duḃ,** cáiḋ báis na Gaeltaċta go síorraí. Mar ḋeaḋ naċ ḃfuil ḟios aca céard tá ag teastáil ó ṁuinntir na Gaeltaċt? Cé ṁéid uair a ḃí na riaċtaisí céanna sin ar AMÁRAĊ le blianta — obair, tiṫe agus saol iomlán na fiċead aoise seo? trí meán na dteanga dúċais Gaeilge.

Beaṫa teangan á labairt. Má ċailltear an Ġaeltaċt — tobar fíor na Gaeilge beo — tá'n teanga caillte; ċoṁ maiṫ le na dtéann léi de ċultúir, traidisín, léinn agus meon, an náisiúin ársa Gaelaí seo.

Bíonn an fírinne searḃ, aċ ní bréag a rá go dtug cuid ṁaiṫ Gaeilgeoirí, idir Comḋáil agus Connraḋ, drom láiṁe don Ġaeltaċt ar ṁaiṫe leofa féin. Cé'n dóiġ eile a dtiocfaḋ leofa an Páipéar Bán a ṁolaḋ nó a ndoċas — dá laiġead a ċur ann? Cúl le dúċas gan aṁras?

Mar sin, molaim na Gaeilgeoirí croḋa, mar tú féin, a Eagartóir a ṡeas go daingean, anois mar i gcónaí, sa Ḃearna Ḃaoil ar son cóir as ceart don Ġaeltaċt. Cad ċuige naċ labrann na T.D.'s ó'n Ġaeltaċt féin ar a son? Naċ ṡílfeá gurḃ é sin díreaċ a ndualgais dóiḃ siúd a ṫug ḃotaí daofa ċeana?

Lom ċlár na fírinne atá ag Dónall Mac Aṁlaiġ nuair a ṁol sé a ḃfuil déanta agatsa de ḋian-obair ar son na teangan. Go neartaiġ Dia do láiṁ.

Múinteoir.

Gaeilge san Aifreann

Báin-Tír,
Co. Ċorcaí.
8-2-65.

A ċara,

Ní fada anois go mbeiḋ seans ag na daoine a nguṫaí a úsáid ċun onóir a ṫaḃairt do Rí na Glóire nuair a ḃeiḋ an tAifreann á' rá. Cuirfiḋ sé aoiḃneas croí ar ṁuintir na Gaeltaċta agus ar Ġaeilgeoirí eile ar fuaid na tíre ár dteanga féin a ḃeiṫ in úsáid san Aifreann.

Fadó riaṁ b'iad na Gaeilgeoirí do ċuir ar ċumas an tSagairt Aifreann do rá fé ċeilt imeasc na gcarraiġ nuair a ḃí na Dlíṫe Pianaṁla i ḃfeiḋm. Cuireann ainmneaċa áit an méid sin in iúl dúinn — mar atá "Carraig an Aifrinn," "Clais an Aifrinn," "Lag an Aifrinn."

Naċ iontaċ an rud toil Dé!

Is ceart dúinn go léir úsáid a ḃaint as an nGaeilge atá againn cé naċ ḃfuil sí go líofa ag gaċ aoinne. "Beaṫa teangan í labairt."

Mise, le meas.

"Géarċúis."

Fearfeasa

Caiseal Muṁan,
Tiobrad Árainn.

A Eagartóir, a ċara,

Is breá liom Fearfeasa. Tá sé an ṁaiṫ. Abair leis gur seinneaḋ an tápa i gCorcaí ag an am céanna a ḃí an cóip á ṡeinim i mBéal Feirste. Ṫáinig Baile Áṫa Cliaṫ indiaiḋ an dá áit sin. Tuigeann sé tábaċt an tápa ceart go leor.

Beannaċt Dé oraiḃ.

N. Ó M.

An Ṁáṫair — A Ṡeáinín, ní ċeart duit ḃeiṫ ag troid leis an gasúr sin, ṫall—Bille Laoide. "Is ea a Ṁámaí, tá's agam sin," arsa Seáinín go smaoiteaċ. "Is maiṫ liom go ndeir tú féin sin anois." arsan ṁáṫair leis. "Aċ cá huair a fuair tú amaċ sin?" "Innseoiḋ mé duit," arsa Seáinín, "bimaiṫe aṁáin indiaiḋ Bille a ḃualaḋ!"

Aṫair: A Ḃríd, níor éiriġ liom san argóint arís anoċt mar ċaill mé mo ċeann.

Bríd — Naċ cuma ġeoḃaiḋ muid ṫairis, le cuidiú Dé.

Mac Óg: Ó, a Ḋadaí, níor ċaill tú do ċeann, ċor ar biṫ. Tá sé ort go fóill!

Tuigeann Taḋg Taiḋgín

Arsa máinlia leis an oṫar ag fanaċt le na arannṁúċán, 'Tá cuma nerḃíseaċ ort a ḋuine ċóir. Caidé tá cearr leat anois?" "Ó' arsan oṫar, "tá mé nerḃíseaċ mar gurab é seo an ċead obráid a ḃí agam ariaṁ im ṡaol."

"Maise,' arsan máinlia go cineálta le mo ḋuine, "tuigim-se i gceart mar ṁoṫaíonn tú anois, mar gurab é seo an ċéad obráid a rinne mé féin ariaṁ!"

Bainisteoir: Cé'n fáṫ a ḃfuil tú mall arís, a Ṡeáin.

Seán. Tá mé buarṫa, a ḋuine uasail, aċ ṫit mé síos an staiġre."

Bainisteoir: Ní sin leiṫscéal ar biṫ. Ba ċóir go dtaḃarfaḋ sé anseo ṫú níos gaiste."

An Duḃ na Bán

Isteaċ le beirt deagóirí ċuiġ tí ósta an-ġalanta ar fad agus ṡuiġ síos ag bord ag ḃíodar ag socrú cé'n sort dinnéir a ba ṁaiṫ leo. Aċ ba ġoirid gur ċuir an fear ceannais isteaċ orṫa leis na foclaí: "Riail daingean san áras seo go gcaiṫfear coiléar agus caraḃat a ċaiṫeaṁ i gcónaí." D'éiriġ duine den beirt, ċuaiġ amaċ agus arais leis i gceann bomaite ag caiṫeaṁ coiléar agus bóna. Ḋíriġ an fear ceannais a ṁéar ar an dara duine aca agus ar seisean: "Cad mar ġeall ar an ḟear seo? "Eisean," arsa fear an ċarabait, "sin í mo ḃean-ċéile!"

Eisean: Caidé mar ṫaiṫníonn d'uaireadóir úr leat?"

Ise: Go h-álainn ar fad! Nuair a ḋéanaim é ṫoċrais go maiṫ téann sé uair iomlán i gcaoga bomaite!"

Tá Ḟios Agat

Ṫáinig fear an ṗoist nua go doras tí feilmeara amuiġ fé'n dtuaiṫ le litir lá aṁáin fá Nollaig. Ḃí sé tuirseaċ agus indiaiḋ beannú do luċt an tí. Arsa seisean le fear an tí "Sin boiṫrín an-ḟada ar fad go dtí'n anseo agat." "Is ea gan aṁras,' arsan feilméar, deaṁan focal níos fírinne a d'ḟéadfá a rá." Aċ ansin, arsa seisean arís, go smaointeaċ. "Ar ndóiġ dá mbeaḋ an boiṫrín níos giorra. ní ṫiocfaḋ sé ḟaid leis an teaċ ċor ar biṫ tá ḟios agat!"

An Cat as an Mála

Ḃí daṫadóir ag cur péint ar an ċistín—an seomra deirneaċ sa tí a ḃí le déanaṁ aige — go gasta ar fad. Arsa fear an tí leis sa deire. "Caidé an diaḃal deifre atá ort le críoċ a ċuir leis?" "Maise" arsan daṫadóir, leis an ḟírinne a insint, tá mé ag iarraiḋ críoċ a ċur leis an obair anseo, sul a n-imíonn an péint ó na ballaí atá déanta agam ċeana!

Fear-céile: Tá mé díreaċ indiaiḋ ola d'aimsiú!

Bean-céile: Iontaċ! Anois tiġ linn gluaisteán úr a ċeannaċ.

Fear céile: B'ḟearr dúinn an sean-ċárr, ḟáil deisiṫe as an sean cárr atá an ola ag teaċt!

Léiġ Amáraċ

Ma's maith leat an Ghaeilge beo a labhartar i Ros Goill agus Ros Muc, i dTeilionn agus in Uibh Rathach, i gCloicheannaola agus i gCorca Duibhne, i Ros Dumhach agus sa Rinn, i nGaoth Dobhair agus i gCeathrú Rua, léifidh tú AMÁRACH.

Ma's maith leat a bheith ar an eolas fá'n Ghaeltacht agus saol na Gaeltachta agus an rud atá á rá sa Ghaeltacht léifidh tú AMÁRACH.

Ní chosnann cóip gach seachtain saor tríd an phost ach 30/-.

Líon an fhoirm thíos agus postáil inniu é le 30/-.

Ainm ... ...

Seoladh ... ...

Síntiús ... ... istigh do cóip de AMÁRACH

ó ... ... go ... ...

TÍR NA nÓG

Coláiste Cróna

Ára Ṁór,
Tírċonaill.

Nuair a ṫiocfas an Saṁraḋ 's teas insan spéir
Fág slán ag na leaḃair a's ag saoṫrú an léinn,
Ḃí linn ins na bádaí ċuiġ Uí Ḃreasail na nGael
A's i nÁrainn an Aoiḃnis ġeoḃair spórt agus scléip.

Cursai

30/6/65 —— 24/7/65
27/7/65 —— 20/8/65

Clár agus gach eolas ó'n Rúnaí, Coláiste Cróna, Ára Mór

no AMARACH, Ceanannus Mor.

Cuir d'áit in áirithe gan mhoill.